C/2025/3993

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÍsiltíre

(C/2025/3993)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa, Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta, Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([3]) sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Ísiltír caibidil REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 8 Iúil 2022 chuir an Ísiltír a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 4 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre ([6]) a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 17 Deireadh Fómhair 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([7]). Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 agus arís an 5 Samhain 2024 ([8]). Glacadh an t-athbhreithniú deireanach ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an Ísiltír. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar síos conair ghlanchaiteachais na hÍsiltíre ([9]). Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hÍsiltíre 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil a shainaithin go bhfuil an Ísiltír ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([10]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

([4]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír (12275/22; INIT; 12275/22 INIT ADD 1).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ísiltír (13613/1/23, 13613/23 REV 1; 13613/1/23 ADD1 REV1).

([8]) 13789/24 INIT; 13789/24 ADD 1 REV 1.

([9]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena leagtar síos conair ghlanchaiteachais na hÍsiltíre (IO C, C/2025/648, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/648/oj).

([10]) Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 le haghaidh na hÍsiltíre. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ísiltír ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Ísiltír. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hÍsiltíre ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(11) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Ísiltír faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na hÍsiltíre, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 13 Bealtaine 2025 ([11]). An 4 Meitheamh 2025, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Ísiltír. Go háirithe, tá leochaileachtaí a bhaineann le fiachas ard príobháideach i gcomhthéacs margadh tithíochta ró-luacháilte, agus barrachas mór an chuntais reatha fós ábhartha, d'ainneoin roinnt feabhsuithe lena n-áirítear fuinneamh níos mó ar éileamh intíre; tá ábharthacht trasteorann ag baint leis na leochaileachtaí sin. Tá an barrachas sa chuntas reatha i measc na mbarrachas is mó sa limistéar euro agus meastar go bhfanfaidh sé ard. Ó thaobh infheistíochta-coigiltis de, tá gach earnáil den gheilleagar ag cur leis an mbarrachas. Tá barrachas na hearnála corparáidí á spreagadh go suntasach le gníomhaíochtaí na gcorparáidí neamhairgeadais ar an gcoigríoch agus le rannchuidiú thuilleamh coimeádta na gcuideachtaí ilnáisiúnta. Cé go raibh tábhacht mhór ag baint le fás tomhaltais agus infheistíochta don téarnamh ón bpaindéim, tá an Ísiltír ag titim ar gcúl sa limistéar euro ó thaobh leibhéal na hinfheistíochta corparáidí agus poiblí de. Tá an fiachas teaghlaigh sa tír fós ar na cinn is airde san Aontas, ach tá laghdú suntasach tagtha air mar gheall ar éifeachtaí ainmneora, agus théarnaigh an iasachtaíocht teaghlaigh go láidir in 2024. Tháinig méadú ar phraghsanna tithe anuraidh ar rátaí méadaitheacha agus meastar go méadóidh siad go mór in 2025 chomh maith i ngeall go bhfuil dúshláin shuntasacha struchtúracha ann nach bhfuil aghaidh tugtha orthu go fóill. Is dul chun cinn teoranta atá déanta ó thaobh beartais de. Rinneadh roinnt beart a d'fhéadfadh an barrachas sa chuntas reatha a laghdú, ach ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach acu ar an iomlán. Rinneadh roinnt beart chun borradh a chur faoin soláthar tithíochta, ach ní dhearnadh ach gníomhaíocht theoranta chun dreasachtaí don iasachtaíocht teaghlaigh a laghdú.

([11]) SWD(2025) 71 final.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(12) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na hÍsiltíre: 3,5 % in 2025, 3,3 % in 2026, 3,0 % in 2027, agus 3,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 10,4 % in 2025, 14,0 % in 2026, 17,5 % in 2027, agus 21,0 % in 2028. An 29 Aibreán 2025, chuir an Ísiltír a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([12]) isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hÍsiltíre i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin.

(14) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat ([13]), tháinig méadú ar bharrachas rialtais ghinearálta na hÍsiltíre ó bharrachas 0,4 % de OTI in 2023 go barrachas 0,9 % in 2024, agus tháinig laghdú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 45,2 % de OTI ag deireadh 2023 go 43,3 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 6,8 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025, measann an Ísiltír gurb é 5,7 % an fás glanchaiteachais in 2024. Measann an Coimisiún go raibh an fás glanchaiteachais níos airde ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Is é is cúis leis an difríocht idir ríomhanna an Choimisiúin agus meastacháin na n-údarás náisiúnta neamhréireachtaí beaga i dtionchar measta na mbeart lánroghnach ioncaim. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([14]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2024.

(15) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na hÍsiltíre, tá coinne le fás fíor-OTI 1,9 % in 2025 agus 1,5 % in 2026, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 3,0 % ann in 2025 agus 2,4 % in 2026. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,3 % in 2025 agus faoi 1,2 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,0 % ann in 2025 agus 2,0 % in 2026.

(16) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,3 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 45,0 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 7,9 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh barrachas rialtais ghinearálta 2,1 % de OTI ann in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 ciorruithe ar cháin ioncaim phearsanta, méadú ar chaiteachas rialtais ar chúiteamh d'fhostaithe agus tomhaltas idirmheánach mar gheall ar bhonn níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis in 2024 agus laghdú ar roinnt comhpháirteanna ioncaim mar gheall ar éifeachtaí réamh-mheasta a chuir borradh faoin ioncam in 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 7,0 % in 2025. Is é is cúis leis na réamh-mheastacháin níos ísle sin ar fhás glanchaiteachais ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn leibhéal níos airde tearc-chaiteachais a thoimhdítear i meastacháin an Choimisiúin chomh maith le neamhréireachtaí beaga i dtionchar na mbeart lánroghnach ioncaim. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú go 45,0 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025. An méadú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2025, léiríonn sé go príomha an t-easnamh sa bhuiséad mar aon le coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic.

([12]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga.

([13]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(17) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a bhfuil 0,1 % de OTI ann le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na hÍsiltíre.

(18) D'fhan caiteachas cosanta rialtais ghinearálta san Ísiltír cobhsaí ag 1,3 % de OTI idir 2021 agus 2023 ([15]). De réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gur 1,5 % de OTI a bheidh sa chaiteachas ar chosaint in 2024 agus 2025 araon. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(19) De réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Ísiltír 7,0 % in 2025 agus gur fás carnach 14,3 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na hÍsiltíre in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall ([16]) 1,4 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,4 % de OTI. Is mó na dialltaí réamh-mheasta ná an tairseach 0,3 % de OTI le haghaidh an diallta bhliantúil agus an tairseach 0,6 % de OTI le haghaidh an diallta charnaigh. Ar an iomlán, ciallaíonn sé sin go bhfuil riosca diallta ann ón bhfás glanchaiteachais uasta a mholtar, nuair a bheidh sonraí olltoraidh le haghaidh 2025 ar fáil san earrach seo chugainn.

(20) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,8 % de OTI in 2026, agus meastar go bhfuil an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 47,8 % faoi dheireadh 2026. Tar éis 2026, sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 2,0 % de OTI in 2027, agus go 2,2 % de OTI in 2028. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú tar éis 2026 ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 48,5 % in 2027 agus go 49,2 % in 2028. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 2,7 % de OTI in 2026. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2026, den chuid is mó, athchóiriú ar an gcóras pinsin míleata lena n-éilítear aistriú cnapshuime an rialtais chuig ciste pinsin atá lasmuigh de rialú an rialtais ag a bhfuil tionchar buiséadach 0,7 % de OTI, rud a dhéantar a thaifeadadh mar bheart aonuaire. Gan an t-idirbheart sin, thiocfadh feabhas measartha ar chomhardú an rialtais de réir mar a mhéadaítear rátaí CBL ar earraí agus ar sheirbhísí áirithe, agus ní dhéantar réimeanna cánach ioncaim phearsanta a choigeartú go hiomlán i leith an bhoilscithe. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 3,8 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach den chuid is mó in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 47,8 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. An méadú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2026, léiríonn sé go príomha an t-easnamh sa bhuiséad mar aon le coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic.

Príomhdhúshláin bheartais

(21) Caitheann córas cánachais ioncaim phríobháidigh na hÍsiltíre le sócmhainní áirithe ar bhealach éagsúil leis an gcuid eile, rud a dhéanann difear do leithdháileadh caipitil agus a shaobhann cinntí eacnamaíocha. Tugtar cóir fhabhrach do rachmas tithíochta agus ranníocaíochtaí pinsin, rud a chuireann borradh faoin éileamh sa mhargadh tithíochta úinéir-áitithe agus a laghdaíonn ioncam indiúscartha teaghlach mar gheall ar ranníocaíochtaí arda pinsin. Ina theannta sin, trí shócmhainní a shealbhú i gcuideachtaí atá i ndlúthsheilbh (cuideachta nach bhfuil formhór a scaireanna faoi úinéireacht ach ag líon beag daoine aonair), ceadaítear do cháiníocóirí moill a chur ar íocaíochtaí cánach ar bhrabúis den sórt sin, agus tairbhe á baint acu fós as na brabúis sin trí iasachtaí saor ó cháin ón gcuideachta. Lena chois sin, gearrtar cáin ar theaghlaigh a bhfuil sócmhainní margaidh airgeadais acu ag rátaí brabúis toimhdithe, rud atá neamhfhabhrach nuair a bhíonn an brabús iarbhír níos ísle. Dá thoradh sin, tá saibhreas teaghlaigh san Ísiltír comhchruinnithe go mór i gcineálacha neamhleachtacha saibhris, mar shampla, tithíocht nó pinsin. Fágann sé sin go mbíonn teaghlaigh neamhchosanta ar rioscaí eacnamaíocha níos mó le linn suaití eacnamaíocha, agus in go leor cásanna d'fhéadfadh sé nach mbeadh patrún tomhaltais optamach ann le linn a saolré de réir mar a chuirtear brú ar ioncaim indiúscartha le ranníocaíochtaí arda pinsin agus le híocaíochtaí morgáiste le linn na haoise oibre. Eascraíonn arbatráiste cánach as an gcóireáil neamhchothrom cánach laistigh de chineálacha sócmhainní agus ar a bhfud, laghdaítear cumas an chórais cánach gníomhú mar chobhsaitheoir uathoibríoch, géaraítear ar neamhionannais eacnamaíocha agus is féidir leithdháileadh éifeachtúil caipitil a cheilt. Dá thoradh sin, tá an chóir neamhchothrom sin ábhartha freisin maidir le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

(22) Chomh maith leis na dreasachtaí cánach a luaitear thuas, tá ganntanas teaghaisí nua tar éis róluacháil sa mhargadh tithíochta a spreagadh. D'fhéadfadh an rialtas a phleananna a chur chun cinn chun an soláthar tithíochta a mhéadú

([15]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

([16]) Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

trí dheireadh cuimsitheach a chur le bacainní atá ag cur cúl ar an bhfoirgníocht chónaithe faoi láthair, agus, go háirithe, trí phróisis phleanála agus cheadúcháin a shimpliú a ghlacann suas le 6-7 mbliana ar an meán chun a gcur i gcrích, as tréimhse tógála iomlán 10 mbliana. Chuideodh an méid sin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a mhaolú.

(23) Cruthaíonn an margadh tearcfhorbartha cíosa phríobháidigh, a mbaineann costais arda agus roghanna teoranta do thionóntaí leo, dúshláin shuntasacha maidir le hinacmhainneacht agus méadaíonn sé rioscaí bochtaineachta do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam. Leis na forbairtí beartais a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear síneadh a chur le rialuithe ar phraghsanna cíosa, toirmisc ar réadmhaoin 'ceannach le ligean ar cíos', agus athruithe ar chóireáil cánach réadmhaoine cíosa, cuireadh leis an nganntanas soláthair atá ann cheana in earnáil na gcíosanna príobháideacha. Cuireann an ganntanas tithíochta cíosa inacmhainne bac ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus ar an iomaíochas. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, d'fhéadfaí cuidiú leis an margadh cíosa príobháideach a leathnú ach athchothromú dreasachtaí idir úinéireacht tí agus cíos, agus infheistíochtaí a dhéanamh níos tarraingtí trí ligean d'fhórsaí an mhargaidh oibriú níos mó san earnáil. Chuideodh an méid sin chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a mhaolú dá réir sin.

(24) Tá dúshláin shuntasacha roimh chóras cúraim fhadtéarmaigh na hÍsiltíre mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, cúram institiúideach costasach agus cumhdach flaithiúil na gcleithiúnaithe. Éiríonn go maith leis an Ísiltír i gcomparáid le formhór na mBallstát ó thaobh leordhóthanachta, infhaighteachta agus cáilíocht an chórais cúraim fhadtéarmaigh de, chomh maith le méid an lucht saothair sa réimse sin. Mar sin féin, tá an córas ag cur brú ar bhuiséad an rialtais níos mó agus níos mó. In 2022, 3,8 % de OTI a bhí sa chaiteachas iomlán ar chúram fadtéarmach san Ísiltír, an luach is airde san Aontas go mór fada. Thairis sin, i dTuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir le hAosú, meastar go mbeidh an méadú ar chaiteachas ar chúram fadtéarmach san Ísiltír ar cheann de na méaduithe is mó san Aontas faoi 2070. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta chun aghaidh a thabhairt air sin comhíocaíochtaí, i.e. ranníocaíochtaí dílse ó othair, a ailíniú le costas an chúraim a fhaigheann siad thar chineálacha éagsúla sochar. D'oibreodh an córas ar bhealach ní b'éifeachtúla dá gcinnfeadh othair a rogha maidir le socrú cúraim bunaithe ar a riachtanais chúraim aonair, seachas socrú a roghnú a d'íoslaghdódh a gcomhíocaíochtaí. D'fhéadfaí cuidiú le costais a laghdú ach infheistíochtaí breise a dhéanamh sa chosc chun moill a chur ar thús na riachtanas cúraim fhadtéarmaigh, agus soláthar cúraim phobalbhunaithe a fheabhsú a thuilleadh. D'fhéadfaí a áirithiú leis na feabhsuithe sin go ndéanfaí tairbhí an chórais a leithdháileadh ar bhealach ní b'éifeachtúla gan dochar a dhéanamh d'ardchumhdach agus d'ardcháilíocht an chórais.

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hÍsiltíre leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(26) San Ísiltír, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Ísiltír ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an Ísiltír, agus d'fhéadfadh deis a bheith ann borradh breise a chur faoin iomaíochas, lena n-áirítear trí ghrúpaí leochaileacha a uas-sciliú agus a athsciliú agus trí theicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt agus a mhonarú. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an Ísiltír – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([17]), cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an

([17]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(27) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Ísiltír an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(28) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile an Aontais, ba cheart don Ísiltír aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin a bhaineann le: i) infheistíochtaí T&F, ii) rochtain ar mhaoiniú, iii) spleáchas ar bhreoslaí iontaise, iv) plódú leictreachais, v) fosuithe iomarcacha nítrigine, vi) ganntanais saothair agus scileanna, vii) bunscileanna, agus viii) rannpháirtíocht i gcláir eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM).

(29) Tá córas taighde agus nuálaíochta dea-fheidhmiúil ag an Ísiltír, atá sa cheathrú háit san Innéacs Nuálaíochta Achoimre. Mar sin féin, léiríonn treochtaí le déanaí go bhfuil déine T&F poiblí agus príobháideach tite faoi bhun mheán an Aontais agus ar fud an domhain, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar an iomaíochas fadtéarmach. Go háirithe, tá bearnaí suntasacha infheistíochta roimh earnálacha amhail monaraíocht agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), agus tá an infheistíocht níos ísle ná mar atá sa limistéar euro mar sciar den bhreisluach. Tá infheistíocht T&F, mar sciar den oll-bhreisluach san earnáil phríobháideach, chun deiridh ar cheannairí nuálaíochta Eorpacha eile. Ag an am céanna, tá infheistíocht phoiblí T&F faoi bhun mheán an Aontais agus tá laghdú breise tagtha ar an tacaíocht phoiblí don nuálaíocht mar gheall ar na ciorruithe buiséid a rinneadh le déanaí ar an gCiste Náisiúnta Fáis. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le cur chuige spriocdhírithe, lena ndíreofar ar phríomhréimsí iomaíocha, infheistíocht a dhéanamh i saoráidí taighde agus tástála, agus teicneolaíochtaí tosaíochta a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Teicneolaíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíocht chandamach, leathsheoltóirí, an intleacht shaorga agus eolaíocht sonraí. Trí thacaíocht phoiblí don nuálaíocht a neartú, is féidir leis an Ísiltír borradh a chur faoin tírdhreach nuálaíochta agus a seasamh mar cheannaire nuálaíochta Eorpach a choinneáil ar bun.

(30) In ainneoin margaí airgeadais dea-chaipitlithe a bheith acu a chuireann foinse chobhsaí chistiúcháin ar fáil don gheilleagar, chomh maith le ceann de na margaí caipitil fiontair is doimhne san Aontas, tá deacrachtaí ag roinnt gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis rochtain a fháil ar chistiú. Go háirithe, tá bearna chistiúcháin ann do ghnólachtaí nuathionscanta a bhfuil riachtanais chaipitil os cionn EUR 10 milliún acu agus do ghnólachtaí atá ag méadú a bhfuil cistiú os cionn EUR 50 milliún á lorg acu roimh thráchtálú ar mhórscála. Bíonn siad ag brath go mór ar infheisteoirí coigríche. Tá roinnt tionscnamh fógartha ag rialtas na hÍsiltíre chun infheistíochtaí méadaithe a éascú trí Invest-NL agus Tionscnamh Fiontair na hÍsiltíre, ach ní mór na tionscnaimh sin a chur chun feidhme agus faireachán éifeachtach a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh an bhearna chistiúcháin atá ann faoi láthair bac a chur ar infheistíocht nuálach agus ar iomaíochas fadtéarmach, ós rud é go léiríonn gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú fás táirgiúlachta níos airde ná gnólachtaí nua eile. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, is féidir leis an Ísiltír tairbhe a bhaint as uirlisí agus scéimeanna maoiniúcháin amhail ráthaíochtaí, nó as ionstraimí ciste le ciste chun acmhainní cistiúcháin a threorú agus infheisteoirí institiúideacha amhail cistí pinsin intíre a mhealladh, arb iad na cinn is mó sa limistéar euro iad.

(31) Tá an Ísiltír fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise. In 2023, ola agus gás nádúrtha a bhí i 43,9 % agus 33,8 %, faoi seach, de mheascán fuinnimh foriomlán na tíre, agus ní raibh i sciar na bhfoinsí in-athnuaite ach 13,8 %. Fágann sé sin go bhfuil geilleagar na hÍsiltíre leochaileach d'fhorbairtí praghsanna domhanda agus cuireann sé bac ar an aistriú chuig geilleagar glas. D'ainneoin leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh a bheith á gcur chun cinn ag an Ísiltír, go háirithe fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, tá a sciar fuinnimh in-athnuaite fós faoi bhun mheán an Aontais agus faoi bhun spriocanna an Aontais. Tá gá le hiarrachtaí breise, dá bhrí sin, chun go n-áiritheoidh an Ísiltír go ndéanfar foinsí in-athnuaite fuinnimh a leathadh amach a thuilleadh agus chun spriocanna 2030 an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach. D'fhéadfaí a áireamh leis sin bearta chun rioscaí airgeadais a laghdú san earnáil gaoithe amach ón gcósta chun tarraingteacht na n-infheistíochtaí san earnáil a choinneáil ar bun.

(32) Tá plódú na heangaí leictreachais tar éis dul in olcas, rud a dhéanann difear do limistéir thuaithe agus uirbeacha araon, agus do na gréasáin tarchuir agus dáileacháin araon. Cuireann sé sin bac ar an aistriú chuig fuinneamh glan, cuireann sé srian ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus baineann sé an bonn d'iomaíochas na hÍsiltíre. Is minic a chuirtear iallach ar oibreoirí gréasáin iarrataí ar rochtain ar an eangach a dhiúltú ó tháirgeoirí nua leictreachais agus ó thomhaltóirí nua. Cé go bhfuil aghaidh á tabhairt ar phlódú eangaí trí mheascán d'infheistíochtaí i dtionscnaimh eangaí agus rialála, táthar ag súil go leanfaidh plódú eangaí de bheith ina dhúshlán mór sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, rud a éilíonn aird agus gníomhaíocht leanúnach. D'fhéadfadh an Ísiltír tairbhe a bhaint as acmhainneacht a heangaí tarchuir agus dáileacháin a mhéadú, réitigh sholúbthachta a chur chun feidhme agus leibhéal na lúbshreabh a laghdú ar bhealach struchtúrach chun trádáil leictreachais traslimistéir thar an mbonneagar trasteorann atá ann cheana a uasmhéadú.

(33) Tá leibhéil iomarcacha de shil-leagan nítrigine, a eascraíonn go príomha, ach ní go heisiach, as earnáil na diantalmhaíochta, fós ina ndúshlán suntasach comhshaoil a bhfuil tionchar aige ar gheilleagar na hÍsiltíre i gcoitinne. Is é an toradh a bhíonn ar shil-leagan iomarcach nítrigine róthoirchiú agus aigéadú ithreach agus dobharlach, agus ag an am céanna srianta suntasacha a chur ar cheadú gníomhaíochtaí foirgníochta, moill a chur ar an mbonneagar is gá agus tionchar a imirt ar iomaíochas na tíre. Tá cáilíocht uisce dromchla agus screamhuisce fós ina hábhar imní freisin, agus ní chomhlíonann go leor dobharlach an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Treoir maidir le Níotráití. Dá bhrí sin, tá gá le bearta breise chun aghaidh a thabhairt go struchtúrach ar shil-leagan iomarcach nítrigine arna dhéanamh ag na hearnálacha astaithe agus chun aistriú chuig talmhaíocht inbhuanaithe a spreagadh, lena n-áirítear an fheirmeoireacht orgánach. Go háirithe, d'fhéadfadh an Ísiltír tairbhe a bhaint as cleachtais feirmeoireachta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh truailliú cothaitheach agus lotnaidicídí agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

(34) Tá sciar na n-oibrithe Ísiltíreacha a bhfuil conarthaí solúbtha nó sealadacha acu beagnach dhá oiread mheán an Aontais. Ina theannta sin, tá dreasachtaí éagsúla i margadh saothair na hÍsiltíre a chruthaíonn éagothroime iomaíochta idir fostaithe agus daoine féinfhostaithe nach bhfuil fostaithe acu, rud a chumasaíonn féinfhostaíocht bhréagach agus a fhágann go bhfuil líon sách ard de dhaoine féinfhostaithe i margadh saothair na hÍsiltíre. Chuir úsáid fhorleathan na fostaíochta solúbtha le deighilt i margadh an tsaothair (i.e. an margadh fostaíochta a bheith roinnte ina chatagóirí éagsúla oibrithe a bhfuil leibhéil éagsúla cinnteachta poist acu agus/nó rochtain ar shochair shóisialta agus ar shochair eile) agus bíonn tionchar díréireach aici ar ghrúpaí leochaileacha amhail oibrithe a bhfuil leibhéil níos ísle scileanna acu agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo. Is mó seans go mbeidh na hoibrithe sin sáinnithe i bpoist neamhbhuana agus rochtain theoranta acu ar oiliúint, cosaint shóisialta neamhleor, agus baol níos airde den bhochtaineacht oibre agus eisiamh sóisialta. I ngeall ar a leitheadúla atá an fhéinfhostaíocht agus an fhostaíocht sholúbtha, féadfaidh sé sin tionchar a imirt ar fhás na táirgiúlachta freisin, toisc gur minic a bhíonn níos lú deiseanna foghlama, forbartha agus oiliúna ag baint leis na cineálacha fostaíochta sin. Tá pacáiste beart á chur chun feidhme ag an rialtas chun an fhéinfhostaíocht bhréagach a laghdú don fhéinfhostaíocht agus do dhreasachtaí don fhostaíocht sholúbtha. Áirítear leis sin i) athruithe reachtacha éagsúla chun an fhéinfhostaíocht bhréagach a theorannú agus chun na difríochtaí idir daoine féinfhostaithe agus fostaithe a laghdú, ar difríochtaí iad go léir a chumhdaítear le plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre; agus ii) bille arb é is aidhm dó cinnteacht phoist a chur ar fáil dóibh siúd atá ag obair faoi chonarthaí fostaíochta solúbtha. Tá sé ríthábhachtach na pleananna sin a chur chun feidhme ar bhealach cuimsitheach tapa chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna leanúnacha sin i margadh saothair na hÍsiltíre.

(35) Is dúshlán suntasach fós san Ísiltír iad na ganntanais saothair agus scileanna, rud a dhéanann difear do raon leathan earnálacha, lena n-áirítear cúram sláinte, oideachas, teicneolaíocht agus TFC. Seasann an Ísiltír amach freisin óna thaobh sin de i gcomparáid le piaraí, agus is mó i bhfad an seans go dtuairisceoidh cuideachtaí Ísiltíreacha deacrachtaí fostaíochta i gcomparáid le meán an Aontais. Tá roinnt tosca struchtúracha ann a dhéanann difear do ghanntanais lucht saothair, lena n-áirítear treochtaí déimeagrafacha, fás mall an lucht saothair agus meánlíon íseal na n-uaireanta a oibrítear in aghaidh na seachtaine. Tá na srianta sin ag cur isteach ar an táirgiúlacht agus ar an iomaíochas. In ainneoin rátaí arda rannpháirtíochta, tá acmhainneacht saothair neamhshaothraithe ag an Ísiltír, go háirithe i measc daoine a bhfuil cúlra imirceach acu agus i measc oibrithe páirtaimseartha, go háirithe na mná. Chun an soláthar saothair a mhéadú, d'fhéadfaí daoine a spreagadh níos mó uaireanta a oibriú, lena n-áirítear trí bhearta beartais lena gcuirtear ar a gcumas obair a chomhcheangal le freagrachtaí teaghlaigh agus cúraim agus trí cháilíocht na hoibre agus dálaí oibre níos fearr a chur chun cinn. Is féidir an soláthar saothair a mhéadú freisin trí dhaoine tréitheacha a mhealladh. Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, beidh gá le cur chuige ilghnéitheach lena ndíreofar ar bhacainní earnáilsonracha, agus lena gcuirfear borradh faoi infheistíochtaí feabhsúcháin táirgiúlachta. Beidh sé ríthábhachtach deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a neartú, go háirithe do dhaoine ar imeall mhargadh an tsaothair, chun ganntanais a mhaolú, chun soghluaisteacht earnála a spreagadh, agus chun tacú le hathléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach. Le bearta beartais ar thaobh an éilimh, d'fhéadfaí díriú ar earnálacha ard-bhreisluacha a chur chun cinn chomh maith le hearnálacha a bhaineann le dúshláin shochaíocha, amhail oideachas agus cúram sláinte, soghluaisteacht trasearnála a spreagadh agus infheistíochtaí feabhsaithe táirgiúlachta agus T&F a mhéadú.

(36) Tá an meath ar bhunscileanna san Ísiltír ar na cinn is mó san Aontas, mar a thomhaistear in PISA-2022, agus baineann sé an bonn de thorthaí oideachais, de thorthaí mhargadh an tsaothair agus den iomaíochas. Cé go bhfuil sciar réasúnta ard de na scoláirí is fearr feidhmíocht fós ag an Ísiltír, tá méadú mór tagtha ar an líon tearcghnóthachtálaithe sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa léitheoireacht le deich mbliana anuas. Tá an tearcghnóthachtáil ceithre huaire níos coitianta i measc scoláirí faoi mhíbhuntáiste ná i measc a bpiaraí. Tá ganntanas múinteoirí suntasach agus is féidir leis sin tionchar a imirt ar thorthaí foghlama na scoláirí agus bac a chur ar rochtain ar oideachas ardcháilíochta do chách, toisc go n-athraíonn siad de réir sciar na scoláirí faoi mhíbhuntáiste sna scoileanna agus idir réigiúin. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, d'fhéadfadh an Ísiltír meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta atá ann cheana chun feabhas a chur ar bhunscileanna, amhail an 'Máistirphlean do bhunscileanna' a seoladh in 2022, agus machnamh a dhéanamh ar bhearta chun torthaí foghlama na scoláirí a fheabhsú, amhail é a dhéanamh níos éasca aistriú idir rianta oideachais éagsúla, ag díriú ar scoileanna ina bhfuil daonra scoláirí faoi mhíbhuntáiste.

(37) Tá dúshlán roimh an Ísiltír a chinntiú go mbeidh céimithe iar-mheánscoile leordhóthanacha i réimsí ETIM, rud a chuirfidh leis an nganntanas scileanna. D'ainneoin ráta gnóthachtála treasaí atá os cionn mheán an Aontais a bheith ann, tá an tír chun deiridh i sciar na gcéimithe ETIM. Go háirithe, tá na mná agus na scoláirí a bhfuil cúlra imirce acu faoi ghannionadaíocht i réimsí ETIM. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, is féidir tacaíocht oideachais spriocdhírithe a chur ar fáil, lena n-áirítear treoir phearsantaithe agus próisis teagaisc shaincheaptha. Is féidir le tionscnaimh den sórt sin cuidiú chun deireadh a chur le bacainní agus grúpaí faoi ghannionadaíocht a spreagadh go sonrach chun tabhairt faoi staidéir ETIM.

(38) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hÍsiltíre, cuidíonn moltaí (2), (3) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (1), (4) agus (5) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

(39) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúidí maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (1) chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas príobháideach i gcomhthéacs margadh tithíochta ró-luacháilte agus leochaileachtaí a bhaineann leis an mbarrachas ard sa chuntas reatha. Cuidíonn moladh (1) chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus chun an Moladh a chur chun feidhme le haghaidh bheartas eacnamaíoch an limistéir euro, i gcomhréir le haithris 38.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ísiltír in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. A áirithiú go n-urramóidh an glanchaiteachas an chonair a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. Cánachas ar chineálacha éagsúla ioncaim ó rachmas, i measc nithe eile, a ailíniú chun dreasachtaí a laghdú le haghaidh úinéireacht tí arna maoiniú le fiachas. Deireadh a chur le bacainní ar thógáil teaghaisí nua trí nósanna imeachta pleanála agus ceadúcháin a shimpliú. Tacú le hearnáil cíosa phríobháidigh inacmhainne a fhorbairt, lena n-áirítear trí infheistíochtaí san earnáil a dhéanamh níos tarraingtí. Aghaidh a thabhairt ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar chaiteachas a bhaineann le haois ar chúram fadtéarmach tríd an gcóras a dhéanamh níos costéifeachtaí, lena n-áirítear trí shochair a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Déine T&F phoiblí agus phríobháideach a fheabhsú trí thacaíocht a dhíriú ar infheistíochtaí i bpríomhtheicneolaíochtaí straitéiseacha. Aghaidh a thabhairt ar an mbearna chistiúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú ag céim dhéanach trí na huirlisí maoiniúcháin atá ar fáil a ghiaráil agus trí dhreasachtaí a chur ar fáil chun infheisteoirí institiúideacha a mhealladh.

4. Laghdú a dhéanamh ar an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh. Plódú eangaí leictreachais a laghdú trí acmhainneacht na heangaí tarchuir agus dáileacháin a mhéadú, réitigh sholúbthachta a chur chun feidhme, an trádáil thraschriosach a uasmhéadú, agus nósanna imeachta ceadúcháin a shimpliú a thuilleadh. Bearta struchtúracha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shil-leagan iomarcach nítrigine agus ar mheath cháilíocht an uisce, go háirithe trí iarrachtaí breise a dhéanamh ar mhaithe le talmhaíocht inbhuanaithe.

5. Bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun laghdú a dhéanamh ar dhreasachtaí chun conarthaí solúbtha nó sealadacha a úsáid. Bearta cuimsitheacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, lena n-áirítear trí leas a bhaint as acmhainneacht saothair tearcúsáidte, trí neartú a dhéanamh ar dheiseanna

uas-scilithe agus athscilithe do chách trí bheartais ghníomhacha spriocdhírithe shaincheaptha maidir leis an margadh saothair, agus trí shoghluaisteacht a spreagadh chuig earnálacha ardtáirgiúlachta agus earnálacha a bhaineann le dúshláin shochaíocha. Bunscileanna a fheabhsú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí agus tacaíocht shaincheaptha do scoileanna faoi mhíbhuntáiste, agus borradh a chur faoin rannpháirtíocht i gcláir ETIM trí thacaíocht oideachais spriocdhírithe agus comhairle ghairme, go háirithe do mhná agus do scoláirí a bhfuil cúlra imirceach leo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE